An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Eacnamaíocht Bhaile
# Uirlis Pleanála 3 Bliana
# Treoracha

## Leagan Clóite:

Tá liosta sa leagan inphriontáilte de na torthaí foghlama a bhaineann le gach ceann de na trí shnaithe d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, ar féidir iad a úsáid chun cabhrú le pleanáil na roinne agus na múinteoirí aonair.

Treoracha:

- priontáil agus gearr amach na torthaí foghlama
- bain úsáid as seo le linn pleanála mar roinn ábhair chun plé a dhéanamh ar na torthaí foghlama thar na trí bliana.

## Leagan Idirghníomhach:

Tá liosta sa leagan idirghníomhach de na torthaí foghlama a bhaineann le gach ceann de na gnéithe Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, ar féidir iad a úsáid chun cabhrú le pleanáil na roinne agus na múinteoirí aonair.

Treoracha:

- cóipeáil na torthaí foghlama agus greamaigh iad isteach i do phlean trí bliana pé bhealach is mian leat
- cóipeáil agus greamaigh aon toradh foghlama is gá duit a úsáid thar níos mó ná bliain amháin
- aibhsigh na codanna éagsúla ag baint úsáid as an bhfeidhm aibhsithe de réir mar is gá.

CC BY NC

# An tSonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar Eacnamaíocht Bhaile sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. Leagann an tsonraíocht amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus mar sin, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire san Eacnamaíocht Bhaile go dtí deireadh na sraithe sóisearaí. Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Cuirtear Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag leibhéal comónta.

(Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, lch. 14)

Baineann Eacnamaíocht Bhaile úsáid as cur chuige trasdisciplíneach a chuireann nascadh na dtrí snáithe chun cinn i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair.

(Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, lch. 10)

cc BY NC